**Déardaoin 2. Feabhra 2023**

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# PARLAIMINT NA hEORPA

P9_TA(2023)0020

## Iarratas ar dhíolúine Nadine Morano a tharscaoilead

**Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Feabhra 2023 maidir leis an iarraidh ar dhíolúine Nadine Morano a tharscaoileadh (2022/2055(IMM))**

(2023/C 267/03)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don iarraidh ar dhíolúine Nadine Morano a tharscaoileadh, a tharchuir Aireacht Dlí agus Cirt na Fraince le litir dar dáta an 16 Bealtaine 2022 i ndáil le himeachtaí sibhialta atá ar feitheamh os comhair an bhreithimh imscrúdaithe ag cúirt dlínse ginearálta Marseille, agus a fógraíodh sa suí iomlánach an 8 Meitheamh 2022,

— tar éis di éisteacht a thabhairt do Nadine Morano i gcomhréir le Riail 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint d'Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus d'Airteagal 6(2) d'Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach,

— ag féachaint do bhreithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013 agus an 19 Nollaig 2019 [1],

— ag féachaint do Riail 5(2), do Riail 6(1) agus do Riail 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0011/2023),

A. de bhrí gur tharchuir Aireacht Dlí agus Cirt na Fraince iarraidh ó ionchúisitheoir poiblí Chúirt Achomhairc Aix-en-Provence ar dhíolúine Nadine Morano, Feisire de Pharlaimint na hEorpa, a tharscaoileadh, agus é an t-aon aidhm leis sin a bheith in ann scrúdú a dhéanamh uirthi maidir le caingean shibhialta a tugadh ina coinne ar fhorais clúmhilleadh poiblí líomhnaithe ar líne;

B. de bhrí, le linn clár teilifíse a craoladh ar France 3 an 7 Deireadh Fómhair 2018, gur cheistigh Nadine Morano gníomhaíocht soithigh a bhí cairtfhostaithe ag an ngearánach agus a bhí ag oibriú sa Mheánmhuir; de bhrí go ndearna foireann Nadine Morano trí theachtaireacht den chineál céanna a phostáil ar chuntas Twitter Nadine Morano mar 'tvuíteanna beo';

C. de bhrí, agus na barúlacha á ndéanamh, go ndearna Nadine Morano cion an chlúmhillte phoiblí, is inphionóis faoi Airteagal 23, an chéad mh, Airteagal 29, an chéad mhír, Airteagal 32, an chéad mhír agus Airteagal 42 d'Acht na Fraince an 29 Iúil 1881 maidir le Saoirse an Phreasa agus Airteagal 93-3 d'Acht na Fraince Uimh. 81-652 an 29 Iúil 1982 maidir le Cumarsáide Closamhairc;

---

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, *Marra* v *De Gregorio and Clemente*, C-200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, *Gollnisch* v *Parliament*, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Patriciello*, C 163/10, ECLI: AE:C:2011:543; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, *Gollnisch* v *Parliament*, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, *Junqueras Vies*, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115.

**Déardaoin 2. Feabhra 2023**

D. de bhrí, an 5 Aibreán 2019, gur chuir an t-ionchúisitheoir in Marseille tús le himscrúdú breithiúnach le haghaidh clúmhilleadh poiblí mar thoradh ar ghearán ón gcomhlachas a bhfuil an bád á chairtfhostú aige agus, mar thoradh air sin, go ndearnadh Nadine Morano a dhíotáil go foirmiúil an 3 Meitheamh 2020; de bhrí go ndearna an chúirt inniúil an díotáil a neamhniú i mí Aibreáin 2021 ar na forais gur sháraigh sí an díolúine pharlaiminteach a theachtann Nadine Morano i gcomhréir le forálacha an Phrótacail ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;

E. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh, agus de bhrí nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chosantóir ([2]);

F. de bhrí go bhforáiltear in Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh nach bhfuil Feisirí Pharlaimint na hEorpa inchurtha faoi aon saghas fiosrúcháin, coinneála ná imeachtaí dlíthiúla i leith tuairimí a thug siad nó vótaí a chaith siad ag comhlíonadh a ndualgas dóibh;

G. de bhrí, de bhun Riail 5(2) dá Rialacha Nós Imeachta, go ngníomhóidh an Pharlaimint, i bhfeidhmiú a cumhachtaí i ndáil le pribhléidí agus díolúintí, chun a hiomláine mar thionól reachtach daonlathach a chaomhnú agus chun neamhspleáchas a Feisirí a áirithiú le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

H. de bhrí go bhféadfaidh ráiteas ó Fheisire lasmuigh de Pharlaimint na hEorpa a bheith ina thuairim arna cur in iúl i gcomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas, de réir bhrí Airteagal 8 den Phrótacal, i gcás ina bhfuil measúnú suibiachtúil ann a bhfuil baint dhíreach agus fhollasach aige le comhlíonadh dhualgais an Fheisire sin i bParlaimint na hEorpa; de bhrí nach mór, dá bhrí sin, cibé acu an amhlaidh nó nach ea, a chinneadh de réir chineál agus ábhar an ráitis seachas an áit ina ndearnadh é;

I. de bhrí go raibh Nadine Morano ina Comhalta de Thoscaireacht Pharlaimint na hEorpa don chaidreamh leis an bParlaimint Phan-Afracach (DPAP), ina Comhalta ionaid de Thoscaireacht Pharlaimint na hEorpa chuig Comhthionól Parlaiminteach ACC-AE agus ina Comhalta den Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, atá freagrach, inter alia, as na nithe seo a leanas:

'(…) limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú agus a fhorbairt agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta á n-urramú, go háirithe:

(a) bearta a bhaineann le hiontráil agus gluaiseacht daoine, le tearmann agus le himirce,

(b) bearta a bhaineann le bainistiú lánpháirtithe na gcomhtheorainneacha,(…)';

J. de bhrí, sa lá atá inniu ann, go dtarlaíonn an díospóireacht pholaitiúil ina nglacann Feisirí de Pharlaimint na hEorpa páirt, i bhfeidhmiú a sainordaithe, lasmuigh d'áitribh na Parlaiminte, lena n-áirítear ar aer agus ar an idirlíon, trí úsáid a bhaint as seirbhísí líonraithe shóisialta amhail Twitter;

K. de bhrí go ndearnadh na ráitis sin i gcomhthéacs níos leithne na díospóireachta polaitiúla, ar minic a topaic i seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa;

L. de bhrí, i bhfianaise an mhéid sin, go ndearnadh na ráitis a rinne Nadine Morano go soiléir ina cáil mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa agus de bhrí gur féidir a mheas gur ann do nasc díreach agus soiléir idir na ráitis atá á mbreithniú agus sainordú parlaiminteach Nadine Morano;

1. á chinneadh gan díolúine Nadine Morano a tharscaoileadh;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach chuig údaráis inniúla na Fraince agus chuig Nadine Morano.

---

([2]) breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019,*Briois* v *Parliament*, T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266;